



**QQI**

Quality and Qualifications Ireland  
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

# Beartas agus Critéir maidir le Rochtain Soláthraí ar Bhailíochtú Tosaigh i gcás Clár as a Leanann Dámhachtainí an Údaráis

QQI, an integrated agency for quality and qualifications in Ireland



# Beartas agus Critéir maidir le Rochtain Soláthraí ar Bhailíochtú Tosaigh i gcás Clár as a Leanann Dámhachtainí an Údaráis

<b>Roinn</b>	<b>Teideal</b>	<b>Lch</b>
<b>1</b>	<b>Achoimre</b>	<b>1</b>
<b>2</b>	<b>Réamhrá</b>	<b>1</b>
2.1	Léirmhíniú Dlíthiúil	2
<b>3</b>	<b>Beartas agus Critéir</b>	<b>3</b>
3.1	Raon Sholáthar an tSoláthraí	4
3.2	Na Critéir chun Rochtain a fháil ar Bhailíochtú Tosaigh Cláir	5
<b>4</b>	<b>An Próiseas le haghaidh Bailíochtú Tosaigh</b>	<b>6</b>
4.1	Príomheilimintí de Chéim 1	6
4.2	Céim 2	7
4.3	An Próiseas chun Cinneadh a Athbhreithniú	7
4.4	Achomhairc	7
<b>5</b>	<b>Athbhreithniú ar an mBeartas seo</b>	<b>7</b>



## 1 ACHOIMRE

Bunaíodh Údarás Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (an tÚdarás) i Samhain 2012 leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oilíúint) 2012 (Acht 2012).

Leagtar amach in Acht 2012 feidhmeanna an Údaráis lena n-áirítear dámhachtainí a bhronnadh ar fhoghlaimoirí agus na cláir as a leanann na dámhachtainí sin a bhailíochtú.

Leagtar amach sa doiciméad seo an próiseas, an beartas agus na critéir a bheidh le comhlíonadh ag soláthraithe oideachais agus oiliúna (soláthraithe) nach bhfuil gaolmhaireacht acu cheana féin leis an Údarás chun rochtain a fháil ar an bpróiseas bailíochtú cláir den chéad uair. “Bailíochtú Tosaigh” a thugann an tÚdarás ar an bpróiseas sin.

Tá nósanna imeachta, treoirlínte agus doiciméadú mionsonraithe a thacaíonn leis an mbeartas agus na critéir seo ag gabháil leis an doiciméad beartais seo.

Ceaptar beartas an Údaráis i bpróiseas comhairliúcháin a mbíonn gach geallsealbhóir bainteach leis. Gheofar sonraí an phróisis ceaptha beartais ar [www.QQI.ie](http://www.QQI.ie). Glacann an Bord beartas an Údaráis agus cuireann an fheidhmeannacht chun feidhme é dá réir.


## 2 RÉAMHRÁ

Leagtar amach sa doiciméad beartais seo beartas agus critéir do sholáthraithe ar mian leo bailíochtú tosaigh an Údaráis a bhaint amach den chéad uair. Ní bheidh feidhm acu ach amháin maidir le soláthraithe nach bhfuil aon chlár bailíochtaithe cheana féin acu ag an Údarás ná ag Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oilíúna ná ag Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oilíúna.

Leagtar amach in Acht 2012 na coinníollacha a chaithfear a chomhlíonadh sular féidir le soláthraí cur isteach ar bhailíochtú an Údaráis le haghaidh cláir as a leanann dámhachtain a dhéanann an tÚdarás. Próiseas dhá chéim is ea bailíochtú clár (féach léaráid 1): Áirítear ar an gcéad chéim na coinníollacha reachtúla atá leagtha amach in Acht 2012 a shásamh; agus ar an dara céim bailíochtú an Údaráis le haghaidh cláir (clár) ar leith.



Léaráid 1: An Próiseas chun Rochtain a fháil ar Bhailíochtú Tosaigh



Braitheann fóntacht an chórais cháilíochtaí ar an gcóras oideachais agus oiliúna. Tá sé de fhreagracht orthu siúd atá baineach le hoideachas agus oilúint a chinntiú:

- Gur córas urrúnta atá ann
- Go bhfreagraíonn an córas go dinimiciúil d'athruithe ar éileamh
- Go sásaíonn sé riachtanais iolracha

Braitheann sláinte an chórais oideachais agus oiliúna ar raon leathan soláthraithe a bheith ar fáil. Ciallaíonn sé sin go bhfuil gá le meicníochtaí chun déileáil le soláthraithe nuabhunaithe, chun gur féidir le soláthraithe a bhí ann cheana fás nó athrú, agus chun teorainn a chur le soláthraithe neamhshásúla nó creidiúnú a dhiúltú dóibh.

Soláthraíonn an tÚdarás dearbhú cáilíochta seachtrach do sholáthraithe na gclár a bhailíochtaíonn sé. Ní mór d'iarrthóirí a thuiscint go socraíonn an tÚdarás caighdeáin do dhámhachtainí, ach nach gceapann sé nó nach soláthraíonn sé cláir do sholáthraithe, ná tacaíocht do mheasúnú foghlaimeoirí, faoi mar a dhéanann comhlachtaí dámhachtana eile (lena n-áirítear comhlachtaí a aithnítear sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí). Ní mór do sholáthraithe a bheith freagrach as a gcuid clár a cheapadh, a chothabháil agus a sholáthar, agus as dearbhú cáilíochta inmheánach na gclár sin agus as na nósanna imeacht chun na foghlaimeoirí atá cláraithe ar na cláir sin a mheasúnú.



Mar sin tá acmhainn íosta a chaithfidh a bheith ann sula bhféadann soláthraí dul isteach i bpróiseas bailíochtaithe an Údaráis. D'fhéadfadh an acmhainn sin a bheith ag brath ar chineál na dámhachtana, ar an leibhéal den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus ar an réimse oideachais agus oiliúna, mar shampla.

Ní mór an t-oideachas agus an oiliúint a bheith ina bpríomhfheidhmeanna ag soláthraí atá ag féachaint le rochtain a fháil ar phróiseas bailíochtaithe an Údaráis le haghaidh cláir. Ní chiallaíonn sé sin nach bhféadfaidh príomhfheidhmeanna eile a bheith ag soláthraithe.

Cuirtear cláir oideachais agus oiliúna ar fáil i gcomhthéacsanna éagsúla agus ar mhaithe le mórchuid cuspóirí. Ní féidir leis an Údarás gach clár a bhailíochtú agus níor chuí dó gach clár a bhailíochtú. Ní gá, ach oiread, go leanfadh dámhachtain a aithnítear sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí as gach clár.

## 2.1 Léirmhíniú Dlíthiúil

Déantar an chiall atá le bailíochtú a mhíniú in Alt 2(2) d'Acht 2012:

*Chun críocha an Achta seo, déantar clár oideachais agus oiliúna a bhailíochtú i gcás ina ndeimhníonn an tÚdarás faoi alt 45 gur shásaigh soláthraí an chlár an tÚdarás go sealbhóidh foghlaimeoir cláraithe den soláthraí sin, a chríochnaíonn an clár sin, an t-eolas, an scil nó an inniúlacht is gá chun dámhachtain de chuid an Údaráis atá á tairiscint i leith an chlár sin a fháil, agus go mbeidh ar a chumas, i gcás inarb infheidhme, an t-eolas, an scil nó an inniúlacht sin a léiriú.*

Sular féidir clár nua a bhailíochtú, ní mór do sholáthraí iarratas a dhéanamh chuig an Údarás faoi Alt 44 d'Acht 2012, agus roinnt coinníollacha a chomhlíonadh. Faoi Acht 2012, ceanglaítear ar an Údarás measúnú a dhéanamh ar acmhainn gach soláthraí chun é féin a shásamh gur féidir leis na coinníollacha atá leagtha amach in Alt 44(5) d'Acht 2012 a chomhlíonadh. I measc na réamhchoinníollacha sin tá:

1. **Nósanna imeachta le haghaidh dearbhú cáilíochta a bheith bunaithe ag an soláthraí faoi alt 28,**
2. **Nósanna imeachta le haghaidh rochtain, aistriú agus forchéimniú a bheith bunaithe ag an soláthraí faoi alt 56,**
3. **Alt 65, i dtaca le cosaint d'fhoghlaimeoirí cláraithe, más cuí, a bheith comhlíonta ag an soláthraí.**

Réamhchoinníoll eile is ea é go gcaithfidh soláthraí a sholáthraíonn clár oideachais nó oiliúna a rinne soláthraí nó duine eile a eagrú nó a cheapadh dul i gcomhairle leis an soláthraí nó an duine sin sula ndéantar iarratas ar bhailíochtú cláir.

## 3. BEARTAS AGUS CRITÉIR

Déanann an tÚdarás soláthraithe a mheasúnú le cinntiú go bhfuil d'acmhainn acu,



laistigh de raon na gclár dá lorgaíonn siad rochtain ar bhailíochtú, cláir a d'fhéadfaí a bhailíochtú a sholáthar agus a bhfreagrachtaí faoi Acht 2012 a chomhlíonadh.

Tríd an mbeartas seo a chur chun feidhme dearbhaíonn an tÚdarás d'fhoghlaimoirí, do gheallsealbhóirí, do ghníomhaireachtaí maoinithe agus don phobal náisiúnta agus idirnáisiúnta go bhfuil soláthraí, a éiríonn leis bailíochtú a fháil ón Údarás do chlár (chláir), tar éis freagracht a ghlacadh air féin, agus é d'acmhainn aige, chun eispéireas foghlama tacaithe a sholáthar d'fhoghlaimoirí a chuirfidh ar a gcumas na torthaí foghlama a bhaineann le cineál agus leibhéal an dámhachtain de chuid an Údaráis atá á lorg a bhaint amach.

### 3.1 Raon Sholáthar an tSoláthraí

Teorannaíonn raon an chláir/na gclár an rochtain ar bhailíochtú. Is é an raon sin a chinneann aontú nósanna imeachta um dhearbhu cáilíochta agus bailíochtú cláir. Áirítear air sin:

- Leibhéal an Chreata agus na cineálacha dámhachtana a bhronntar ag deireadh an chláir
- Réimse foghlama agus/nó gairmiúil an chláir
- Líon uasta agus íosta na bhfoghlaimoirí a mbeadh slí ann dóibh ar an gclár i ngach timthriall
- Na spriocghrúpaí foghlama
- Na modúlachtaí teagaisc agus foghlama
- An áit /na háiteanna ina gcuirfear an clár ar fáil d'fhoghlaimoirí cláraithe

Beidh gá le hathmheasúnú ar acmhainn má dhéanann soláthraí, a bhfuil rochtain tosaigh bainte amach aige/aici, athrú suntasach ar raon ceadaithe soláthair. Mar shampla, má fhéachann soláthraí le bailíochtú a fháil do chlár ar leibhéal eile den Chreat nó i réimse oideachais nó oiliúna eile.

### 3.2 Na Critéir chun Rochtain a fháil ar Bhailíochtú Cláir

Seo a leanas na critéir lena measúnófar iarratas ar rochtain ar bhailíochtú cláir laistigh de raon sonraithe.

#### 3.2.1 Acmhainn Soláthraí

Ní mór do sholáthraí:

**3.2.1.A** A bheith ina aonán dlíthiúil bunaithe, arb iad an t-oideachas agus an oiliúint is príomhfheidhmeanna dó

**3.2.1.B** Dóthain acmhainní a bheith aige, chomh maith le córais chorparáideacha, struchtúracha agus inmheánacha um dhearbhu cáilíochta a bheith i bhfeidhm, ionas gur féidir leis cláir oideachais agus oiliúna, a bhféadfaí



iad a chur ar aghaidh lena mbailíochtú ag an Údarás, a sholáthar ar shlí inbhuanaithe

**3.2.1.C** a chumas chun cláir a dhearadh, a cheapadh, a sholáthar agus a athbhreithniú a léiriú

### **3.2.2 Critéir Mhionsonraithe**

Ní mór do sholáthraí géilleadh do na riachtanais seo a leanas:

#### **Riachtanais dhlíthiúla agus géilliúlachta:**

**3.2.2.A** A bheith ina aonán dlíthiúil bunaithe

- i. Ní mór an t-aonán dlíthiúil a bheith ina dhuine dlíthiúil atá sainithe go soiléir, a bhfuil cearta aige agus freagrachtaí air faoin dlí
- ii. Ní mór an t-aonán dlíthiúil a bheith bunaithe san Aontas Eorpach agus láithreach shubstaintiúil in Éirinn a bheith aige
- iii. Ní mór spleáchais, comhoibriú, oibleagáidí, eagraíochtaí tuismitheora, agus fochuideachtaí a bheith sonraithe go soiléir
- iv. Ní mór gaolmhaireacht nó comhpháirtíocht tríú páirtí ar bith a bheith comhoiriúnach le raon na rochtana atá á lorg

**3.2.2.B** Géilleadh do rialacháin is infheidhme agus don reachtaíocht i ngach dlínse ina n-oibríonn sé

**3.2.2.C** Dea-cháil a bheith air sna córais cháilíochtaí agus sna córais oideachais agus oiliúna ina n-oibríonn sé (nó ina n-oibríonn a chuideachtaí tuismitheora nó a fhochuideachtaí) nó ina gcláraíonn sé foghlaimeoirí, nó ina bhfuil socruithe aige le comhlachtaí dámhachtana, gníomhaireachtaí um dhearbú cáilíochta, údaráis cháilíochtaí, aireachtaí oideachais agus oiliúna, comhlachtaí gairmiúla agus rialtóirí

#### **Riachtanais acmhainne, rialachais agus struchtúracha:**

**3.2.2.D** Bonn acmhainní dóthanach a bheith aige

- i. A bheith cobhsaí agus dea-cháil airgeadais a bheith air
- ii. Cás réasúnta gnó le haghaidh soláthar inbhuanaithe a bheith aige

**3.2.2.E** Struchtúir rialachais, bhainistíochta agus chinnteoireachta atá oiriúnach don chuspóir a bheith aige

- i. Socruithe a bheith ann chun faisnéis riachtanach a sholáthar don Údarás



### Riachtanais maidir le ceapadh cláir agus soláthar cláir:

**3.2.2.F** Acmhainn oideachais agus oiliúna a bheith aige, a léirítear le:

- i. Taithí agus cuntas teiste<sup>1</sup> maidir le cláir oideachais agus oiliúna a sholáthar
- ii. Líon cobhsaí ball foirne oideachais agus oiliúna atá oiriúnach don chuspóir
- iii. An acmhainn chun géilleadh do na coinníollacha caighdeánacha maidir le bailíochtú a shonraítear in Alt 45(3) d'Acht 2012
- iv. Áitreabh, áiseanna agus acmhainní atá oiriúnach don chuspóir

**3.2.2.G** Socruithe um rochtain, aistriú agus forchéimniú a shásaíonn critéir an Údaráis a bheith ag an soláthraí

**3.2.2.H** Struchtúir agus acmhainní a bhuntacaíonn le measúnú cothrom comhsheasmhach ar fhoghlaimeoirí a bheith ag an soláthraí

**3.2.2.I** Socruithe a shásaíonn oibleagáidí reachtúla maidir le cosaint d'fhoghlaimeoirí cláraithe (i gcás inarb infheidhme) a bheith ag an soláthraí

Ní mór do sholáthraithe a léiriú go gcomhlíonann siad na critéir seo trí phróiseas féinmheasúnaithe agus trí dhoiciméadú tacaíochta a chur ar aghaidh chuig an Údarás.

## 4 PRÓISEAS AN BHAILÍOCHTAITHE THOSAIGH

Soláthraí nach bhfuil gaolmhaireacht aige leis an Údarás cheana féin agus ar mian leis clár a chur aghaidh lena bhailíochtú, ní mór dó, ar an gcéad dul síos, iarratas a dhéanamh chuig an Údarás ar rochtain ar bhailíochtú (Céim 1 mar a thuairiscítear i Léaráid 1).

### 4.1 Príomheilimintí de Chéim 1: Measúnú ar raon, acmhainn agus nósanna imeachta um dhearbhu cáilíochta an tsoláthraí

Seo a leanas príomheilimintí an phróisis:

- Teagmháil réamhiarratais leis an Údarás<sup>2</sup>
- Féinmheasúnú an iarrthóra de réir na gcritéir maidir le rochtain ar bhailíochtú agus iarratas a ullmhú le cur ar aghaidh chuig an Údarás
- Measúnú an Údaráis ar an iarratas i gcomparáid leis na critéir maidir le rochtain ar bhailíochtú cláir tosaigh.
- Obair leantach ón iarrthóir agus ón Údarás.

<sup>1</sup> Ní thugtar le tuiscint leis sin go gcaithfidh soláthraí a bheith ina sholáthraí cláraithe ar feadh tréimhse le comhlacht dámhachtana eile nó le soláthraí oideachais agus oiliúna a bhí bunaithe roimhe seo. Ní dhéanfaidh an tÚdarás leatrom ar eagraíochtaí ná ar ghnóthais nua. Ach meastar gur gá taithí ar chlár oideachais agus ar oiliúna a dhearadh, a sholáthar agus a mheasúnú chun bheith in ann cláir atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de a sholáthar.

<sup>2</sup> Gheofar amach leis an réamhiarratas an gá bailíochtú nó an bhfuil sé cúí don soláthraí agus soiléireofar riachtanais an phróisis





Measúnófar gach iarratas i gcomparáid leis na critéir ar shlí chothrom oscailte agus trédhearcach. Déanfaidh saineolaithe neamhspleácha (a mbeidh ar a gcumas gníomhú gan coimhlínt leasa) gach iarratas a mheas.

Gearrfar táille as iarratais a mheas.

Ach Céim 1 a bheith tugtha chun críche go rathúil féadann soláthraí iarratas a dhéanamh chuig an Údarás ar bhailíochtú cláir laistigh de raon na rochtana deonaithe.

Ní bhronntar aon stádas ar sholáthraí as Céim 1 den phróiseas um rochtain ar bhailíochtú cláir a thabhairt chun críche go rathúil. Ní dhéanann sé ach a dheimhniú go gcáilíonn an soláthraí chun dul ar aghaidh go Céim 2 den phróiseas, is é sin, bailíochtú cláir.

Mura n-éiríonn le soláthraí ag Céim 1 (is é sin, má theipeann air nósanna imeachta um dhearbhu cailíochta, nósanna imeachta um rochtain, aistriú agus forchéimniú, agus cosaint d'fhoghlaimeoirí cláraithe a aontú), ní féidir aon iarratas eile a dhéanamh go ceann tréimhse fhorordaithe agus beidh táille ag gabháil leis an iarratas.

## 4.2 Céim 2: Bailíochtú cláir

Soláthraí a thugann Céim 1 chun críche go rathúil, féadfaidh sé cur isteach ar bhailíochtú cláir laistigh de raon na rochtana deonaithe. Má athraíonn raon sholáthar soláthraí in iarratais ar bhailíochtú a dhéantar níos déanaí, d'fhéadfadh ath-mheasúnú ar acmhainn an tsoláthraí (Céim 1) a bheith riachtanach.

Tá roinnt príomhchéimeanna sa phróiseas um bailíochtú cláir:

1. Iarrthóir a n-éiríonn leo ag Céim 1, cuireann siad na cláir atá deartha agus ceaptha acu ar aghaidh
2. Próiseálann an tÚdarás an t-iarratas de réir a Bheartais agus a Threoirlínte Bailíochtaithe<sup>3</sup>
3. Déanann an tÚdarás agus an t-iarrthóir obair leantach ar na torthaí, faoi mar atá leagtha amach sa bheartas agus sna treoirlínte.

## 4.3 An Próiseas chun Cinneadh a Athbheithniú

Iarrthóir a ndiúltaítear rochtain ar bhailíochtú cláir dóibh ag Céim 1 nó ag Céim 2, féadfaidh siad barúlacha a sheoladh chuig an Údarás laistigh d'achar sonraithe ón uair a fhaightear fógra foirmiúil. Tar éis na mbarúlacha sin a bhreithniú, seasfaidh an tÚdarás lena chinneadh nó molfar réim gníomhaíochta ceartaitheach d'fhonn an cheist a athbheithniú sa todhcháí.

## 4.4 Achomhairc

Foráiltear i gCuid 7 d'Acht 2012 le haghaidh nósanna imeachta achomhairc. Féadfar

<sup>3</sup> Déanfar bailíochtú cláir i gcás clár ar leith as a leanann dámhachtainí an Údarás a phróiseáil de réir bheartais agus phróisis oidhreachta fheabhsaithe.



achomharc a dhéanamh má dhiúltaíonn an tÚdarás;

- Clár a bhailíochtú
- Rochtain a dheonú ar bhailíochtú trí aon cheann díobh seo a leanas a dhiúltú:
  - » Beartais agus nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta a aontú
  - » Beartais agus nósanna imeachta um rochtain, aistriú agus forchémniú a cheadú.

## 5 ATHBHREITHNIÚ AR AN MBEARTAS SEO

Déanfar an beartas, an próiseas agus na critéir maidir le rochtain ar bhailíochtú tosaigh cláir as a leanann dámhachtainí an údaráis a athbhreithniú tar éis dhá bhliain tar éis a chur chun feidhme, nó roimhe sin, más gá.



[www.QQI.ie](http://www.QQI.ie)

26/27 Denzille Lane,  
Dublin 2,  
Ireland.  
t +353 (0) 1 905 8100